AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 21.6.2012
COM(2012) 335 final

2012/0163 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí réitigh díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Réamhrá

Le Conradh Liospóin, tá infheistíocht dhíreach eachtrach tugtha laistigh de raon feidhme chomhbheartas tráchtála an Aontais agus faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá réir sin. Is gné lárnach de na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (ar a dtugtar comhaontuithe um chosaint infheistíochta de ghnáth) í an fhéidearthacht atá ag infheisteoir éileamh a dhéanamh i gcoinne stáit i gcás ina líomhnaítear gur ghníomhaigh an stát ar bhealach nach raibh i gcomhréir leis an gcomhaontú um chosaint infheistíochta (dá ngairfear "réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát" anseo feasta) Má tharlaíonn dlíthíocht den sórt sin, beidh costais ar an stát lena mbaineann (táillí as riarachán na díospóide agus as eadránaithe agus dlíodóirí a íoc) agus d'fhéadfadh sé go mbeidh air cúiteamh a íoc, má chailleann sé.

Is páirtí an tAontas cheana féin i gcomhaontú amháin ina bhfuil an fhéidearthacht maidir le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát (an Conradh um Chairt Fuinnimh[1]) agus déanfaidh an tAontas iarracht forálacha den sórt sin a chaibidliú i roinnt comhaontuithe atá á gcaibidliú i láthair na huaire nó le caibidliú amach anseo. Dá bhrí sin, is gá an chaoi go ndéanfar bainistiú ar iarmhairtí airgeadais na ndíospóidí sin a mheas. Tá sé mar aidhm leis an Rialachán seo an creat a bhunú chun na hiarmhairtí sin a bhainistiú.

Is é prionsabal eagrúcháin lárnach an Rialacháin seo gur cheart go luafaí an fhreagracht airgeadais a eascraíonn as cásanna réitigh díospóide idir infheisteoir agus stát leis an ngníomhaí a chuir an chóir atá mar ábhar díospóide. Dá bhrí sin, sa chás go gcuireann institiúidí an Aontais an chóireáil lena mbaineann, ba cheart go mbeadh an fhreagracht airgeadais ar institiúidí an Aontais. Sa chás go gcuireann Ballstát an Aontais Eorpaigh an chóir lena mbaineann, ba cheart go mbeadh an fhreagracht airgeadais ar an mBallstát sin. Ní cheart go mbeadh an fhreagracht airgeadais ar an Aontas ach amháin i gcásanna ina bhfuil gníomhaíochtaí an Bhallstáit faoi cheangal ag dlí an Aontais. Chun an prionsabal lárnach seo a bhunú, is gá machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart don Aontas nó don Bhallstát a chuir an chóir atá i gceist gníomhú mar fhreagróir agus cad iad na dálaí ina dtarlóidh sé sin, conas comhar a eagrú idir an Coimisiún agus an Ballstát i gcásanna sonracha, conas déileáil leis an bhféidearthacht maidir le réitigh agus ar deireadh, na meicníochtaí is gá lena n-áirithiú gur féidir aon chionroinnt a dhéanamh go héifeachtach.

Ní mór na trí phionsabal eile atá mar bhunús leis an Rialachán seo a chur san áireamh sna gnéithe breise seo. Is é an chéad cheann gur ghá go mbeadh feidhmiú foriomlán an leithdháilte neodrach ó thaobh an bhuiséid de i ndáil leis an Aontas, agus é mar thoradh leis nach n-íocfaidh an tAontas ach na costais sin arna spreagadh ag gníomhartha institiúidí an Aontais. Ar an dara dul síos, ní mór don mheicníocht feidhmiú ar chaoi a fhágfaidh nach mbeidh infheisteoir i dtríú tír faoi mhíbhuntáiste ag an ngá leis an bhfreagracht airgeadais a bhainistiú san Aontas. I dtéarmaí eile, sa chás go mbeadh easaontú idir an tAontas agus an Ballstát, d'íocfaí aon dámhachtain le hinfheisteoir i dtríú tír, ansin tabharfaí aghaidh ar an leithdháileadh inmheánach laistigh den Aontas. Ar an tríú dul síos, ní mór na bunphrionsabail

[1] IO L 380, 31.12.1994, lch 1.

a rialaíonn gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais arna mbunú ag na Conarthaí agus ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a urramú leis an meicníocht, go háirithe maidir le haontacht na hionadaíochta seachtraí agus comhar dílis.

Tugtar faoi deara go raibh sé tuartha ag an gCoimisiún go mbeadh gá leis an Rialachán seo ina Theachtaireacht "I dtreo beartais chuimsithigh Eorpaigh maidir le hinfheistíocht idirnáisiúnta"[2].

D'iarr Parlaimint na hEorpa an Rialachán atá beartaithe go sainráite ina rún maidir le Beartas Infheistíochta Idirnáisiúnta an AE amach anseo (mír 35 i Rún A7-0070/2011 a glacadh an 22 Aibreán2011). Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar an ábhar sin ina Chonclúidí maidir le Beartas Cuimsitheach Infheistíocha Idirnáisiúnta (an 25 Deireadh Fómhair 2010). Deimhníodh i bpléití ina dhiaidh sin sa Chomhairle, go háirithe maidir leis na treoracha caibidlíochta ábhartha a ghlacadh le haghaidh comhaontuithe áirithe atá faoi réir caibidlíochta faoi láthair, go bhfuil suim mhór ag an gComhairle sa tionscnamh seo,

## 1.2. Inniúlacht an Aontais comhaontuithe um chosaint infheistíochtaí a chur i gcrích agus freagracht idirnáisiúnta an Aontais faoi na comhaontuithe sin

Is é dearcadh an Choimisiúin go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas chun comhaontuithe a chur i gcrích lena gcumhdaítear gach ábhar a bhaineann le hinfheistíocht eachtrach, sé sin infheistíocht dhíreach eachtrach agus infheistíocht punainne araon[3]. Déantar foráil in Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") maidir le hinniúlacht eisiach maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach. Eascraíonn inniúlacht an Aontais maidir le hinfheistíocht punainne ó Airteagal 63 CFAE, i ndearcadh an Choimisiúin. Déantar foráil san airteagal sin go mbeidh gluaiseacht chaipitil idir Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha saor ó shrianta. Déantar foráil maidir le hinniúlacht eisiach an Aontais aon uair go bhféadfadh sé go ndéanfaidh rialacha atá ar áireamh i gcomhaontú idirnáisiúnta "tionchar a imirt ar rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú" in Airteagal 3(2) CFAE. Is é dearcadh an Choimisiúin nach mór don Aontas inniúlacht eisiach a bheith aige freisin i gcúrsaí a bhaineann le hinfheistíocht punainne ós rud é go bhféadfadh na rialacha atá beartaithe, a mbeadh feidhm acu gan idirdhealú i leith infheistíochta punainne, difear a dhéanamh do na rialacha maidir le gluaiseacht chaipitil atá leagtha síos in Airteagal 63 den Chonradh.

Ina theannta sin, is é tuairim an Choimisiúin go gcumhdaítear gach caighdeán dá bhforáiltear sna téacsanna um chosaint infheistíochta, lena n-áirítear dísheabhú, le hinniúlacht an Aontais. Ar an gcéad dul síos, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leis go comhsheasmhach go gcumhdaítear faoi inniúlacht an Aontais maidir leis an gcomhbheartas tráchtála oibleagádí a chuirtear i bhfeidhm tar éis teacht isteach (i.e. tar éis an t-earra a allmhairiú nó tar éis bunú soláthraí seirbhísí) fiú sna cásanna go gcoinníonn Ballstáit an cumas rialacha inmheánacha a ghlacadh[4]. Dá bhrí sin, is rud seanbhunaithe é nach bhfuil inniúlacht an Aontais i réimse na

[2] COM(2010) 343 leagan críochnaitheach, leathanach 10.

[3] *Ibid*, leathanach 8.

[4] Tuairim 1/94 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1994] ECR I-5267 go háirithe mír 29 , mír 32 agus mír 33

"32) Dar le Rialtas na hÍsiltíre, tá údar le comh-rannpháirtíocht an Chomhphobail agus na mBallstát sa Chomhaontú Comhaontú EDT, os rud é go bhfuil a n-inniúlacht féin ag na Ballstáit maidir le bacainní teicniúla ar an trádáil de thoradh ghné roghnach de chuid treoracha áirithe an Chomhphobail sa réimse

trádála in earraí teoranta do bhearta a bhaineann leis an teorainn, amhail taraifí nó cuótaí allmhairithe, ach cumhdaítear leis cúrsaí iar-allmhairithe freisin, amhail cóir náisiúnta agus cóir náisiún barrfhabhair a bhronnadh i leith cánacha agus dlíthe agus rialacháin inmheánacha eile[5], nó deireadh a chur leis na bacainní nach bhfuil gá leo roimh thrádáil a thig as rialacháin agus caighdeáin theicniúla[6]. Ar an gcaoi chéanna, aontaítear go ginearálta[7] nach bhfuil inniúlacht an Aontais maidir le 'trádáil i seirbhísí' teoranta do cheisteanna a bhaineann le rochtain ar an margadh, ach cumhdaítear leis cúrsaí cosúil le cóir náisiúnta agus cóir náisiún barrfhabhair i leith dlíthe agus rialacháin inmheánacha, chomh maith le hoibleagáidí áirithe i leith riaracháin agus inneachair na rialála inmheánaí. De réir na loighce seo, ní mór go gcumhdófaí na caighdeáin a bheidh i bhfeidhm tar éis bunú, lena n-áirítear cóir náisiúnta agus cóir náisiún barrfhabhair, cóir chothrom chothromasach agus cosaint i gcoinne díshealbhú gan chúiteamh, le hinniúlacht an Aontais as infheistíocht dhíreach eachtrach agus as gluaiseachtaí caipitil..

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach bhforáiltear in Airteagal 345 CFAE ach nach ndeánfaidh na Conarthaí difear don chóras úinéireachta maoine atá i bhfeidhm sna Ballstáit. Ní dhéanann conarthaí lena bhforáiltear cosaint ar infheistíochtaí difear don chóras úinéireachta maoine – ceanglaíonn siad go mbeidh díshealbhú faoi réir coinníollacha áirithe, lena n-áirítear, inter alia, cúiteamh a íoc. Dá bhrí sin, níl an riail ar leith in Airteagal 345 ann le tabhairt le tuiscint nach bhfuil inniúlacht ag an Aontas i dtaca leis na rialacha maidir le díshealbhú atá ar áireamh sna comhaontuithe lena bhforáiltear do chosaint na hinfheistíochta. Ar deireadh, suítear leis freisin go dtéann an inniúlacht maidir le forálacha réitigh díospóide a bhunú agus a riaradh in éineacht leis an inniúlacht bhunúsach maidir le hábhar na rialacha[8].

Leanann sé uaidh sin, mar sin, nach féidir le hinfheisteoir an dlí a chur ach ar an Aontas amháin i gcás inar comhaontú é atá curtha i gcrích ag an Aontas amháin. Is amhlaidh a bheadh an cás fiú amháin más rud é gur Ballstát, seachas an tAontas, a chuir an chóir a ndéantar agóid ina coinne i réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát. Dá dtarlóidh sé go mbeadh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit araon ina bpáirtithe i gcomhaontú agus gur ghá cinneadh a dhéanamh maidir le cé atá freagrach mar ábhar dlí idirnáisiúnta as aon ghníomh ar leith, is é dearcadh an Choimisiúin nach é údar an ghnímh an té nach mór dó an cinneadh a

---

sin, agus i ngeall is nár baineadh amach comhchuibhiú iomlán agus nach bhfuil súil leis go ndéanfar amhlaidh sa réimse sin.

33) Ní féidir glacadh leis an argóint sin. Tagann an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, ar dearadh na forálacha atá ann lena n-áirithiú nach gcruthóidh na rialacháin agus caighdeáin theicniúla agus na nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht leis na rialacháin agus caighdeáin theicniúla constaicí nach bhfuil gá leo roimh thrádáil idirnáisiúnta (féach an brollach, Airteagal 2.2 agus Airteagal 5.1.2 den Chomhaontú), tagann sé faoi scáth an chomhbheartais tráchtála."

[5] Féach freisin Airteagal I:1 agus Airteagal II den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (CGTT 1994) agus Tuairim 1/94, mír 34.

[6] Féach freisin Airteagal 2.2 den Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (BTT) agus Tuairim 1/94, míreanna 31-33.

[7] Ina Tuairim 1/2008, dhiúltaigh CBE d'áitiú na Spáinne go raibh inniúlacht an Chomhphobail i dtaca le trádáil i seirbhísí de bhun Airteagal 133 CE teoranta do sheirbhísí a dhéantar a sholáthar ar mhodh 2 amháin (i.e. seirbhísí trasteorann). Dar leis an CBE, ag leanúint ó Chonradh Nice, cumhdaítear in Airteagal 133 CE an trí mhodh soláthair eile dá bhforáiltear in GATS, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar trí 'láithreacht thráchtálach' (modh 3). Féach Tuairim 1/2008, míreanna 120-123. Lena chois sin, níor tugadh le fios in aon chor in Tuairim 1/2008, i ndáil leis na hearnálacha ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an CE, nach raibh oibleagáidí córa náisiúnta ar áireamh san inniúlacht sin.

[8] Tuairim 1/91 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1991] ECR I-060709

dhéanamh, ach go ndéanfar é bunaithe ar inniúlacht i dtaca le hábhar na rialacha idirnáisiúnta atá i gceist, mar atá leagtha síos sa Chonradh. Sa chomhthéacs seo, is rud neamhábhartha é inniúlacht a bheith ag Ballstát faoi na rialacha maidir leis an margadh aonair lena gceadaítear dó reachtaíocht a dhéanamh go hinmheánach.

Dearbhaíodh an loighic seo i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais. Mar shampla, ina Tuairim 1/91 sheas an Chúirt leis an méid seo a leanas (béim curtha leis):

> Tugtar sainmhíniú ar 'Páirtithe Conarthacha' in Airteagal 2(c) den chomhaontú seo. mhéad agus go mbaineann sé leis an gComhphobal agus lena mBallstáit, cumhdaítear an Comhphobal agus na Ballstáit leis, nó an Comhphobal, nó na Ballstáit, ag brath ar an gcás. ngach cás, bainfear de thátal as forálacha ábhartha an chomhaontaithe agus <u>as inniúlachtaí an Chomhphobail agus na mBallstát</u>, de réir mar a thugtar iad faoin gConradh CEE agus faoin gConradh CEGC, le cinneadh a dhéanamh maidir le cén cheann den trí fhéidearthacht a roghnófar[9].

Sa chomhthéacs idirnáisiúnta, d'aithin an Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta an fhéidearthacht go bhféadfadh rialacha speisialta a bheith i bhfeidhm idir eagraíocht idirnáisiúnta agus a cuid baill. Agus dréachtairteagail maidir le Freagracht na nEagraíochtaí Idirnáisiúnta á leagan amach aige, forálann an Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta go bhféadfadh sé nach mbeidh a cuid rialacha infheidhme, nó go bhféadfaí athrú a dhéanamh orthu, i ndálaí ar leith[10].

Cé gurb ar an Aontas atá an fhreagracht idirnáisiúnta as sárú ar aon fhoráil laistigh d'inniúlacht an Aontais, i bprionsabal, ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, is féidir, mar ábhar dlí an Aontais, a fhoráil go ndéanfar freagracht airgeadais a shannadh idir an tAontas agus na Ballstáit. Mar a phléitear thíos i roinn 1.3, measann an Coimisiún gurbh iomchuí go nglacfadh gach Ballstát freagracht airgeadais as a ghníomhartha féin, ach amháin má cheanglaítear na gníomhartha sin a dhéanamh faoi dhlí an Aontais.

Ar an gcaoi chéanna, cé gur cheart go ngníomhódh an tAontas, i bprionsabal, mar fhreagróir in aon díospóid a bhaineann le sárú líomhnaithe ar fhoráil i gcomhaontú idirnáisiúnta a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, ar na cúiseanna a luaitear thuas, fiú má thagann an sárú sin as gníomhaíocht Ballstát, d'fhéadfaí go dtabharfaí de chumhacht do Bhallstát, mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 2(1) CFAE, gníomhú mar fhreagróir i ndálaí iomchuí i bhfianaise na féidearthachta go mbeadh éileamh mór ar bhuiséad an Aontais agus ar acmhainní an Aontais (fiú go sealadach) dá ngníomhódh an tAontas mar fhreagróir i ngach cás. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil sé níos oiriúnaí, in ionad meicníochtaí a bhunú ar bhealach a léiríonn cur i bhfeidhm dian na rialacha maidir le hinniúlacht, réitigh phragmatacha a chur chun tosaigh lena n-áirithítear deimhneacht dhlíthiúil don infheisteoir agus lena gcuirfear gach meicníocht riachtanach ar fáil lena mbeifear in ann eadráin a dhéanamh go réidh agus, ar deireadh, freagracht airgeadais a shannadh ar bhealach oiriúnach. Mar a mhínítear i roinn 1.4 thíos, is é dearcadh an Choimisiún gur cheart go dtabharfaí cead do Bhallstáit gníomhú mar fhreagróirí ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí féin a chosaint, ach amháin faoi dhálaí áirithe ina bhfuil sé chun leasa an Aontais gan é sin a dhéanamh. Is gá é seo a dhéanamh agus a áirithiú, ag an am céanna, go ndéantar prionsabal aontacht na hionadaíochta seachtraí a urramú.

---

9 Tuairim 1/91, mír 33

10 Féach Airteagal 64 Doiciméad A/CN.4/L.778 an 30 Bealtaine 2011 agus an Tuarascáil ón gCoimisiúin Dlí Idirnáisiúnta, an tAonú Seisiún is Seasca (A/64/10) lgh 173-175.

## 1.3. Freagracht Airgeadais a shannadh

Mar a leagtar amach thuas, beidh costais ar na páirtithe lena mbaineann de thoradh réitigh díospóide idir infheisteoir agus Stát, i dtéarmaí táillí agus i dtéarmaí íocaíocht na dámhachtana deiridh araon. Tá sé tábhacht an cheist maidir le stiúradh agus bainistíocht ar éileamh eadrána idir infheisteoir agus Stát a idirdhealú ón gceist maidir le sannadh na freagrachta airgeadais. Tá sé seo riachtanach ar mhaithe le leithdháileadh chothrom na gcostas a áirithiú, le nach mbeidh costais a bhaineann le cóir a chuir Ballstát amháin mar ualach ar bhuiséad an AE – agus ar bhuiséid na mBallstát nach bhfuil baint acu leis an éileamh atá i gceist dá réir sin. Dá bhrí sin, cibé acu an tAontas nó Ballstát a ghníomhaíonn mar fhreagróir ar éileamh, ba cheart go leanfadh an fhreagracht airgeadais as aon chostas áit tionscnaimh na córa a ndearna an t-infheisteoir gearán ina leith. Dá bhrí sin, dá mba rud é go dtionscnófaí an chóir arna hionsaí ag infheisteoir go heisiach i mBallstát, ba cheart go mbeadh an Ballstát lena mbaineann faoi dhliteanas as na costais a eascródh as réiteach na díospóide. Ar an gcaoi chéanna, i gcásanna ina dtionscnaítear an chóir a ndearna an t-infheisteoir gearán ina leith in institiúidí an Aontais (lena n-áirítear an cás inar ghlac Ballstát an beart atá i gceist de réir mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais), ba cheart go nglacfadh an tAontas freagracht airgeadais. Ar an mbealach céanna, ba cheart go leanfadh an cinneadh maidir le cibé an ndéanfar éileamh ar réiteach díospóide a réiteach nó nach ndéanfar agus an fhreagracht as dámhachtain réitigh a íoc áit tionscnaimh na córa de ghnáth.

Cé go bhféadfadh sé go mbeidh gá machnamh a dhéanamh ar cheisteanna casta mar thoradh ar shannadh na freagrachta airgeadais idir an tAontas agus Ballstát, níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag aon easaontú idir an tAontas agus an Ballstát ar an infheisteoir a dhéanann an t-éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh lena n-áirithiú go n-íocfar aon dhámhachtain deiridh nó aon dhámhachtain réitigh leis an infheisteoir go pras, beag beann ar na cinntí maidir le sannadh na freagrachta airgeadais. Ina theannta sin, agus ar mhaithe le tarraingtí nach bhfuil gá leo ar bhuiséad an Aontais a sheachaint, ba cheart go mbeadh forálacha maidir le híocaíochtaí tréimhsiúla a dhéanamh isteach i mbuiséad an Aontais chun costais eadrána a chumhdach, agus le go ndéanfadh an Ballstát lena mbaineann aisíocaíocht phras ar bhuiséad an Aontais freisin.

## 1.4. Ról an Aontais agus róil na mBallstát maidir le díospóidí a stiúradh

Aithnítear trí chás dhifriúla sa togra seo, maidir le dáileadh na ról idir an tAontas agus na Ballstáit i dtaca le stiúradh na ndíospóidí faoi chomhaontuithe lena bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu.

Sa chéad chás, ghníomhódh an tAontas mar fhreagróir i gcás inar chóir a chuir institiúid amháin nó níos mó de chuid an Aontais í an chóir a líomhnaítear gan a bheith i gcomhréir leis an gcomhaontú. Ghlacfadh an tAontas freagracht iomlán airgeadais sna cásanna sin.

Sa dara chás, ghníomhódh an Ballstát mar fhreagróir sa chás gur chuir an Ballstát an chóir atá i gceist. Ghlacfadh an Ballstát freagracht iomlán airgeadais sna cásanna sin. Sa chás seo, bheadh ar an mBallstát an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí sa chás, agus cead a thabhairt don Choimisiún treoir a thabhairt maidir le ceisteanna ar leith[11].

---

[11] Mar a fhoráiltear in Airteagal 13 den Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear socruithe idirthréimhseacha le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha infheistíochta idir Ballstáit agus tríú tíortha [2010/197 COD].

Sa tríú cás, ghníomhódh an tAontas mar fhreagróir i leith córa a chuir Ballstát. Tharlóidh sé seo freisin i gcás inar roghnaigh an Ballstát gan ghníomhú mar fhreagróir. Tharlódh sé freisin i gcásanna ina ndéanann an Coimisiún cinneadh go bhfuil ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais i gceist, a fhágann go bhféadfaí go mbeadh freagracht airgeadais ar an Aontas, san iomlán nó i bpáirt. Bheadh feidhm leis an gcás seo freisin má tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil seasamh an Aontais de dhíth ar mhaithe le haontacht na hionadaíochta seachtraí a áirithiú, i ngeall ar gur dóchúil go n-ardófar éilimh chomhchosúla i ndíospóidí i gcoinne Ballstát eile nó i ngeall ar go n-ardaítear ceisteanna dlí gan réiteach sna díospóidí ar dócha go dtiocfaidís aníos i ndíospóidí eile. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcomhréir lena ról maidir le hionadaíocht sheachtrach arna bhunú ag Airteagal 17 den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tá sé soiléir don Choimisiún go mbeidh sé riachtanach, i gcásanna ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir a bhaineann le cóir a chuir Ballstát, leibhéal ard comhair a áirithiú leis an mBallstát lena mbaineann. Beidh dlúthchomhar i gceist anseo maidir leis an gcosaint a ullmhú, ó thús go deireadh an nós imeachta. Dá bhrí sin, beidh gá le doiciméid a chomhroinnt agus ba cheart ionadaithe ó na Ballstáit a bheith mar chuid de thoscaireacht an Aontais. Tabharfaí isteach córas ró-righin, áfach, dá leagfaí síos reachtaíocht maidir le ról ar leith do na hionadaithe sin sna héisteachtaí nó dá dtabharfaí cead sainchúraim aonair a chomhdú, agus d’fhéadfaí go mbeadh deacrachtaí ann dá bharr aontacht ionadaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú. Ar an gcúis sin, cé go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún dlúthchomhar éifeachtach a áirithiú, níor cheart go mbeadh sonraí maidir leis na gnéithe sin sa Rialachán seo agus níor cheart ach prionsabal an dlúthchomhair idir an tAontas agus na Ballstáit a shonrú ann.

Scrúdaigh an Coimisiún roinnt roghanna malartacha sna comhairliúcháin neamhfhoirmiúla agus an togra seo á ullmhú. Ba rogha mhalartach amháin í meicníocht ina mbeadh an tAontas agus an Ballstát lena mbaineann ag gníomhú mar chomhfhreagróirí. Is é dearcadh an Choimisiúin, áfach, nach n-oireann an mheicníocht sin go maith i gcás réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát. Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann sé foráil leordhóthanach maidir le meicníocht chun freagracht airgeadais a shannadh idir an Ballstát lena mbaineann agus an tAontas. Ní bheadh sé comhsheasmhach leis na nósanna imeachta buiséideacha, ná éifeachtach ach an oiread, dá ndéanfadh Ballstát aon dámhachtain a bheadh ann ar deireadh a íoc agus ansin dá ndéanfadh sé iarracht aisíocaíocht a fháil ón Aontas Eorpach trí iarracht a dhéanamh é féin na gnéithe a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chinneadh, agus ní aithneofaí ról an Choimisiún maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais dá ndéanfaí amhlaidh ach an oiread. Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh sé go mbeadh neamhréireachtaí ann dá bharr agus an t-éileamh á chosaint, le gach ceann de na comhfhreagróirí ag cur argóintí contrárthacha nó éagsúil óna chéile i láthair. Ní bheadh sé sin ag luí le prionsabal aontacht na hionadaíochta seachtraí arna bhunú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ar an tríú dul síos, d’fhéadfadh sé go bhfágfadh sé go mbeadh ar bhinse fiosraithe dearbhú a dhéanamh maidir le comhroinnt inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, i ndálaí ina ndéanfadh an dá chomhfhreagróir seasamh a bheadh éagsúil óna chéile a chur i láthair maidir leis an gceist sin os comhair an bhinse fhiosraithe; ba cheart cás ina dtabharfadh tríú páirtí a thuairim maidir le hábhar inmheánach, nach mbaineann ach leis an AE amháin, a sheachaint. Ar deireadh, sa chás go ndéanfaí cás a chosaint go rathúil, agus go mbronnfaí costais ar an bhfreagróir, ní dócha go dtabharfadh binse fiosraithe cead don Aontas agus don Bhallstát lena mbaineann araon costais a aisghabháil. Níl sé inghlactha go laghdófaí na costais fhéideartha a d’aisíocfaí leis an Aontas ar mhaithe le costais arna dtabhú ag Ballstát atá ina chomhfhreagróir (nó a mhalairt de chás) a chumhdach. Is é an toradh a bheadh leis ná go ndéanfaí suim níos lú ná na

cistí iomlán arna leithdháileadh ag an Aontas a aisíoc agus dá bhrí sin ní fhéadfaí neodracht na hoibríochta ó thaobh an bhuiséid de a áirithiú.

### 1.5. Dámhachtainí i gcoinne an Aontais a aithint agus a fhorfheidhmiú

Is gá rialacha a leagan síos freisin chun déileáil le cásanna ina seasfaí leis go bhfuil an AE faoi dhliteanas. I ngeall go bhfuil nó go mbeidh an tAontas Eorpach ina pháirtí i gcomhaontuithe den sórt sin, beidh an tAontas Eorpa faoi oibleagáid idirnáisiúnta glacadh le haon dámhachtain a dhéantar ina choinne. Dhéanfadh an tAontas Eorpach aon oibleagáid den sórt sin a urramú.

Ós rud é go bhfuil réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát bunaithe ar eadráin, i bhformhór na dtíortha, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, bunaítear aithint agus forghníomhú na ndámhachtainí infheistíochta ar an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le headráin. Is minic an reachtaíocht sin a bheith bunaithe ar *Choinbhinsiún Nua-Eabhrac an 10 Meitheamh 1958 maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorghníomhú* nó ar *Dhlí Eiseamláireach maidir le hEadráin Tráchtála Idirnáisiúnta de chuid Choimisiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Dlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL) ón mbliain 1985 (arna leasú in 2006)*[12]. Tá foráil maidir le fóram ar leith i dtaca le díospóidí infheistíochta a shocrú sa Choinbhinsiún maidir le Díospóidí Infheistíochta idir Stáit agus Náisiúnaigh Stát eile a Shocrú ("Coinbhinsiún DISNSE"). Tá foráil in Airteagal 54(1) maidir leis an méid seo a leanas:

> Tabharfaidh gach Stát Conarthach aitheantas do dhámhachtain a rinneadh de bhun an Choinbhinsiúin seo mar dhámhachtain cheangailteach agus déanfaidh sé na hoibleagáidí airgid a fhorchuireann an dámhachtain sin a fhorfheidhmiú laistigh dá chríocha ionann is dá mba bhreithiúnas críochnaitheach í ó chúirt sa Stát sin. Féadfaidh Stát Conarthach a bhfuil bunreacht cónaidhme aige an dámhachtain sin a fhorfheidhmiú ina chúirteanna cónaidhme nó tríothu agus féadfaidh sé a fhoráil go ndéileálfaidh na cúirteanna sin leis an dámhachtain ionann is dá mba bhreithiúnas críochnaitheach í ó chúirteanna stáit chónaidhme.

Is iad na rialacha atá leagtha síos i gCoinbhinsiún ICSID (Lárionad Idirnáisiunta chun díospóidí Idirnáisiúnta a Shocrú) atá i bhfeidhm maidir le haithint agus forfheidhmiú na ndámhachtainí infheistíochta más rud é gur eadráin de réir rialacha Choinbhinsiún ICSID atá i gceist, agus i gcásanna eile, is iad na rialacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Nua-Eabhrac nó sna dlíthe náisiúnta maidir le headráin a bheidh i bhfeidhm. Go bhfios don Choimisiún, ní dhéanann ach an Ríocht Aontaithe agus Éire foráil, sa dlí náisiúnta, maidir le nósanna imeachta ar leith i dtaca le bainistiú dámhachtainí a tugadh faoi Choinbhinsiún ICSID[13].

Bheadh feidhm leis na rialacha seo, de réir mar is iomchuí, maidir le headráin a rinneadh de bhun chomhaontuithe an Aontais. Cé nach bhfuil aon taifead ar chás inar dhiúltaigh an tAontas nó a chuid Ballstát dámhachtain a urramú, dá measfadh infheisteoir go raibh sé riachtanach aithint nó fhorfheidhmiú dámhachtana a lorg, bheadh air an t-aitheantas nó an forfheidhmiú sin á lorg i gcúirteanna na mBallstát. Má dhéantar forfheidhmiú a lorg ar dhámhachtain a rinneadh i gcoinne an Aontais, bheadh feidhm ag hAirteagal 1 de Phrótacal (Uimh. 7) maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh :

---

12 Tá go leor cosúlachtaí idir na hionstraimí seo.

13 Féach, i gás na RA, an *Arbitration (International Investment Disputes) Act 1966* agus i gcás na hÉireann, An tAcht Eadrána 1980, (Cuid IV).

Ní bheidh maoin agus sócmhainní an Aontais ina n-ábhar d'aon bheart comhéigin, riaracháin ná dlíthiúil, gan údarás na Cúirte Breithiúnais.

Fágann sé sin go bhféadfadh sé go mbeidh ar an infheisteoir dul chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh má dhéantar iarraidh ar fhorfheidhmiú i gcoinne sócmhainní de chuid an Aontais. Measann an Coimisiún go gcuirfeadh an Chúirt Bhreithiúnais an cur chuige caighdeánach maidir le díolúine cheannasach i bhfeidhm sna cásanna sin, agus go mbeadh mar thoradh air go mbeadh an cás laistigh den Aontas inchomparáide leis an gcás i dtíortha eile, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, áit go mbeadh feidhm ansin le prionsabal idirnáisiúnta na díolúine ceannasaí.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní raibh an togra seo faoi réir ag measúnú tionchair. Is é is cúis leis seo nach bhfuil na forálacha maidir le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát ar áireamh sa rialachán, ann féin, lena bhféadfaí go mbeidh gá dul i mbun eadrána nó go mbeifí faoi dhliteanas cúiteamh a íoc dá bharr. A mhéad agus is féidir anailís a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha a bheadh ag na forálacha sin, déanfar é sin sa mheasúnú tionchair do na comhaontuithe atá i gceist. Dá hainneoin sin, tugtar míniú áirithe ar na tionchair is dócha a bheidh ar an mbuiséad i Roinn 4 thíos.

Reáchtáil an Coimisiún roinnt cruinnithe le hionadaithe na mBallstát agus le Parlaimint na hEorpa agus an togra seo á ullmhú. Tugadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna cruinnithe sin ar áireamh go cúramach sa togra a ghabhann leis seo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

### 3.1. Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 207(2) den CFAE lena mbunaítear inniúlacht eisiach an Aontais as comhbheartas tráchtála, lena n-áirítear as infheistíocht dhíreach eachtrach.

### 3.2. An togra a chur i láthair

Bunaítear creat leis an Rialachán atá beartaithe lena ndéanfaí freagracht airgeadais a thig as réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát a rinneadh de bhun comhaontuithe ar páirtí an tAontas iontu a shannadh.

#### *3.2.1. Caibidil I: Forálacha ginearálta*

Leagtar amach raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe sa Chaibidil seo agus tá sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear le fáil ann. Tá an Rialachán seo infheidhme maidir le réiteach díospóide a thionscain infheisteoir tríú tír agus a dhéantar de bhun comhaontaithe ar páirtí ann an tAontas. Níl feidhm aige i leith réitigh díospóide idir stát agus stát a bhaineann le forálacha maidir le cosaint infheistíochta, mar gheall nach bhféadfadh cúiteamh airgeadais a bheith i gceist ansin. Dá mbeadh stát ag iarraidh cúiteamh a lorg, ba ghá dá chuid infheisteoirí na héilimh ábhartha a shannadh air.

*3.2.2. Caibidil II: Cionroinnt freagrachta airgeadais*

Leagtar amach an bunús faoina ndéanfar freagracht airgeadais a thig as éileamh ar réiteach díospóide a shannadh idir an tAontas, Ballstát nó an péire acu sa Chaibidil seo.

Is é a bheidh mar phríomhchritéar don chionnroint ná foinse na córa a ndearna an t-infheisteoir gearán ina leith. Más rud é gur gníomh Aontais a bhéas mar fhoinse na córa, ansin glacfaidh an tAontas an fhreagracht airgeadais. Más rud é gur gníomh Ballstáit a bhéas mar fhoinse na córa, ansin glacfaidh an Ballstát an fhreagracht airgeadais, ach amháin más rud é go raibh an chóir á ceangal faoi dhlí an Aontais. Ba cheart go mbeadh freagracht airgeadais ar an mBallstát, áfach, as cóir a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais i gcásanna ina raibh an chóir sin á ceangal ar mhaithe le sárú ar dhlí an Aontais a bhí ann cheana féin a chur ina cheart.

I gcásanna ina ndearnadh an fhreagracht airgeadais a shannadh ar Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh ina leagtar amach an sannadh.

D’ainneoin na gcritéar i leith cionroinnte, má roghnaíonn Ballstát glacadh leis an bhfreagracht airgeadais a thig as éileamh ina bhfuil an tAontas ina fhreagróir nó má ghníomhaíonn Ballstát mar fhreagróir san éileamh nó má roghnaíonn sé an t-éileamh a réiteach, is ar an mBallstát a bheidh an fhreagracht airgeadais.

Sa chás go nglacfadh Ballstát le freagracht airgeadais a thig as éileamh, féadfaidh an Ballstát agus an Coimisiún teacht ar chomhaontú faoin meicníocht faoina n-íocfar na costais eadrána agus an dámhachtain. Cuirfidh an Coimisiún an binse fiosraithe eadrána agus an t-infheisteoir ar an eolas gur ghlac an Ballstát leis an bhfreagracht airgeadais.

*3.2.3. Caibidil III: Díospóidí a stiúradh*

Sa Chaibidil seo leagtar amach na prionsabail maidir le díospóidí a stiúradh a bhaineann le cóir arna cur ag an Aontas nó ag Ballstáit, bíodh sin go hiomlán nó i bpáirt.

Tá foráil i Roinn 1 den Chaibidil go mbeidh an tAontas ina fhreagróir aon uair go mbaineann an díospóid le cóir a chuir an tAontas.

I Roinn 2, pléitear leis an gcás ina mbaineann an díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le cóir a chuir an Ballstát. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann chomh luath agus a bheidh sé ar eolas aige gur iarr infheisteoir comhairliúcháin, i gcomhréir le forálacha chomhaontaithe um chosaint infheistíochta. Féadfaidh an Ballstát páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún.

A luaithe a gheobhaidh an Coimisiún nó Ballstát fógra eadrána ó infheisteoir i gcomhréir le forálacha comhaontaithe cosanta infheistíochta, tabharfaidh siad fógra dá chéile. Féadfaidh an Ballstát gníomhú mar fhreagróir san éileamh, ach amháin má dhéanann an Coimisiún cinneadh gur cheart don Aontas gníomhú mar fhreagróir nó má tá an Ballstát ag iarraidh ar an Aontas gníomhú mar sin. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a eisiúint go ngníomhóidh an tAontas mar fhreagróir más rud é:

(a) gur dócha go mbeidh ar a laghad cuid den fhreagracht airgeadais as an éileamh ar an Aontas;

(b) go mbaineann an díospóid le cóir a chuir an tAontas;

(c) gur dócha go dtabharfar éilimh chomhchosúla i gcoinne córa a chuir Ballstáit eile; nó

(d) gur dócha go n-ardófar ceisteanna dlí gan réiteach san éileamh.

I gcás ina bhfuil an tAontas ag gníomhú mar fhreagróir, ní mór don Bhallstát lena mbaineann gach cúnamh is gá a sholáthar don Choimisiún agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chuid de thoscaireacht an Aontais sna himeachtaí eadrána. Coinneoidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas go dlúth maidir le gach céim shuntasach sa phróiseas, agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis an mBallstát agus rachaidh sé i mbun comhairliúcháin leis an mBallstát go rialta.

I gcás ina bhfuil Ballstát ag gníomhú mar fhreagróir, is gá dó gach doiciméad a bhaineann leis na himeachtaí a sholáthar don Choimisiún agus tabharfaidh sé cead don Choimisiún a bheith ina chuid de thoscaireacht an Bhallstáit sna himeachtaí eadrána. Coinneoidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir le gach céim shuntasach sa phróiseas agus d'fhéadfaí go gceanglófaí air seasamh ar leith a ghlacadh sa chosaint a dhéanfaidh sé ar an éileamh má tá leas an Aontais i gceist.

*3.2.4. Caibidil IV: Réitigh*

Má mheasann an Coimisiún gurbh fhearr a dhéanfaí freastal ar leasanna an Aontais trí éileamh a bhaineann le cóir a chuir an tAontas go heisiach a réiteach, féadfaidh sé cinneadh a ghlacadh chun réiteach a fhormheas. Glacfar an cinneadh seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a cruthaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[14].

Má mheasann an Coimisiún gurbh fhearr a dhéanfaí freastal ar leasanna an Aontais trí éileamh a bhaineann le cóir a chuir an Ballstát nó a chuir Ballstát agus an tAontas araon a réiteach, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann. Má chomhaontaíonn an Ballstát réiteach a dhéanamh, déanfaidh sé a dhícheall comhaontú a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir leis na gnéithe is gá do chaibidlíocht agus do chur chun feidhme an réitigh. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh an díospóid a réiteach fiú mura dtoilíonn an Ballstát lena mbaineann, má mheasann an Coimisiún go bhfuil leas sáraitheach an Aontais i gceist leis. Déanfar comhaontú maidir le téarmaí an réitigh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

I gcás ina mbaineann éileamh le cóir a chuir Ballstát go heisiach, féadfaidh an Ballstát díospóid a réiteach sna cásanna seo a leanas:

(a) má ghlacann an Ballstát aon fhreagracht airgeadais a thig as an réiteach;

(b) más rud é nach bhfuil an comhaontú réitigh infhorfheidhmithe ach amháin i gcoinne an Bhallstáit sin;

(c) má tá téarmaí an réitigh ag luí le dlí an Aontais; agus

(d) mura bhfuil leas sáraitheach an Aontais i gceist.

---

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstát ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch 13),

Rachaidh an Ballstát i mbun comhairliúcháin leis an gCoimisiún, a dhéanfaidh cinneadh cibé an ndéantar gach coinníoll atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh nó nach ndéantar laistigh de 90 lá.

*3.2.5. Caibidil V: Na dámhachtainí deiridh agus na socraíochtaí a íoc*

I gcás inar ghníomhaigh an Ballstát lena mbaineann mar fhreagróir ar éileamh, beidh sé freagrach as na dámhachtainí deiridh agus na socraíochtaí a bhaineann leis an éileamh sin a íoc.

I gcás inar ghníomhaigh an tAontas mar fhreagróir ar éileamh, íocfaidh sé aon dámhachtain deiridh leis an infheisteoir i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos sa chomhaontú ábhartha, ach amháin más rud é gur ghlac Ballstát freagracht airgeadais as an díospóid. I gcásanna inar comhaontaíodh réiteach, íocfaidh an Coimisiún suim an réitigh i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos sa chomhaontú réitigh.

I gcás ina measann an Coimisiún gur cheart do Bhallstát dámhachtain deiridh nó suim réitigh a íoc ina iomlán nó i bpáirt agus nár ghlac an Ballstát sin freagracht airgeadais as, rachaidh sé i mbun comhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann. Más rud é nach féidir leis an gCoimisiún agus leis an mBallstát teacht ar chomhaontú faoin ábhar, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ina leagfar amach an tsuim a bheidh le n-íoc ag an mBallstát sin. Déanfaidh an Ballstát buiséad an Aontais a chúiteamh, lena n-áirítear ús, laistigh de trí mhí ó dháta an chinnidh. Má easaontaíonn an Ballstát le sannadh freagrachta airgeadais an Choimisiún, déanfaidh sé agóid faoi. Mura n-aontaíonn an Coimisiún le hagóid an Bhallstáit, glacfaidh sé cinneadh ina n-iarrfar ar an mBallstát buiséad an Aontais, lena n-áirítear ús, a chúiteamh. Féadfaidh an Ballstát dul ar iontaoibh Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le neamhniú an chinnidh atá i gceist a iarraidh. Déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cinneadh faoin ábhar ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Rialachán seo. Níor cheart go mbeadh aon ghné sa nós imeachta sin le go ndéanfaidh na Ballstát cinneadh an Choimisiúin a rialú. Is cinneadh é seo nach bhfuil feidhm aige ach maidir le Ballstát amháin agus níor cheart go mbeadh cur i bhfeidhm na gcaighdeán atá leagtha síos sa rialachán, arna dhéanamh ag an gCoimisiúin faoi réir rialú polaitiúil na mBallstát. Tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le feidhmiú ceart an rialacháin, go gcuirfí na critéir i bhfeidhm go daingean ar bhealach oibiachtúil. Dá n-iarrfadh an Ballstát lena mbaineann cinneadh an Choimisiúin a neamhniú os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ansin bheadh Ballstáit eile a mbeadh suim acu sa léirmhíniú in ann idiragairt a dhéanamh sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais.

I gcás ina bhfuil an tAontas ag gníomhú mar fhreagróir, íocfaidh an tAontas nó an Ballstát na costais eadrána i gcomhréir leis an gcaoi ina ndéantar freagracht airgeadais as an díospóid a shannadh. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann an t-éileamh ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le buiséad an Aontais chun aon íocaíochtaí tréimhsiúla ar chostais eadrána a chumhdach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

I ngeall ar a bhfuil i gceist le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát, ní féidir faisnéis bheacht a thabhairt maidir leis na costais is dócha a bheidh i gceist leo. Bíonn siad seo ag brath ar raon leathan fachtóirí lena n-áirítear méid an tsreafa chaipitil, cobhsaíocht na timpeallachta infheistíochta srl. Beidh nochtadh an Aontais ar an bhfreagracht sin ag brath freisin, dár ndóigh, ar líon na gcomhaontuithe sin ar páirtí iontu é ar deireadh freisin. Agus an

togra seo á dhéanamh, ní páirtí an tAontas ach i gcomhaontú amháin maidir le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát, fiú má tá roinnt comhaontuithe eile á gcaibidliú i láthair na huaire. Dá bhrí sin, tá sé dodhéanta na hiarmhairtí buiséadacha is dócha a bheidh ann a thabhairt go sonrach agus Rialachán den chineál seo á ullmhú, lena bhfuil sé i gceist leis tionchar cothrománach a bheith aige. Cé nár cheart beag a dhéanamh de na deacrachtaí maidir le meastacháin chruinne a dhéanamh, is féidir anailís níos beaichte a dhéanamh ar bhonn cás ar chás sna measúnuithe tionchair a ullmhófar do chomhaontuithe ar leith agus ba cheart na comhaontuithe a bheith faoi réir meastóireachta ex-post freisin. Déanfar Ráitis Airgeadais a ullmhú le haghaidh gach comhaontú amach anseo atá le cur i gcrích de bhun Airteagal 218 den Chonradh a thiocfadh faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Is gá a áirithiú go mbeidh na gnéithe riachtanacha i bhfeidhm i mbuiséad ginearálta an Aontais le haon chostais fhéideartha a thig as comhaontuithe le tríú tíortha atá ar áireamh i réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát, mar a chuirtear chun feidhme iad sa Rialachán seo, a chumhdach. Tá trí ghné i gceist anseo. Ar an gcéad dul síos, ní mór foráil a dhéanamh maidir le speansais ar bith a bheidh ar an mbinse fiosraithe eadrána agus aon chostais ghaolmhara eile a íoc. Ar an dara dul síos, ní mór foráil a dhéanamh maidir le cásanna ina gceanglófar ar an Aontas cúiteamh a íoc ar dhámhachtainí deiridh nó socraíocht i leith gníomhartha a chuid institiúidí. Ar an tríú dul síos, i gcásanna ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir, ach ina meastar ar deireadh freagracht airgeadais a bheith ar an mBallstát lena mbaineann, is gá don Aontas aon íocaíocht riachtanach a dhéanamh agus ansin aisíocaíocht ar na híocaíochtaí sin a fháil ón mBallstát lena mbaineann. Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir le meicníocht ina ndéanfaidh Ballstát, a ghlac freagracht airgeadais i gcás air féin, íocaíochtaí tréimhsiúla le Buiséad an AE ar mhaithe le costas na headrána a chúiteamh. Dhéanfaí na híocaíochtaí sin agus na haisíocaíochtaí sin go léir faoin gceannteideal buiséid 20 02 01 – Caidreamh trádála eachtrach, lena n-áirítear rochtain ar mhargaí tríú tíortha. Glacadh leis na forálacha riachtanacha chuige seo sa togra ón gCoimisiún maidir le buiséad 2013[15] tríd an gceannteideal buiséid a luaitear thuas a chur leis na nótaí tráchta buiséadacha a thagraíonn do:

*"Réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát mar a bunaíodh faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta*

Tá an caiteachas seo a leanas ann ar mhaithe le tacú le:

– Costais eadrána, saineolas teicniúil agus táillí arna dtabhú ag an Aontas agus é ina pháirtí i ndíospóidí a thig as comhaontuithe idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích faoi Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

– Dámhachtain deiridh nó dámhachtainí réitigh a íoctar le hinfheisteoir i gcomhthéacs na gcomhaontuithe idirnáisiúnta sin a íoc."

[15] Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 25 Bealtaine 2012 (COM(2012)300).

2012/0163 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí réitigh díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bharr theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, tá inniúlacht eisiach faighte ag an Aontas chun comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cosaint na hinfheistíochta a thabhairt chun críche. Is páirtí é an tAontas cheana sa Chonradh um Chairt Fuinnimh[1] ina bhforáiltear do chosaint na hinfheistíochta.

(2) Áirítear meicníocht réitigh díospóidí idir infheisteoir agus stát de ghnáth i gcomhaontuithe ina bhforáiltear do chosaint na hinfheistíochta, meicníocht lena bhféadfaidh infheisteoir ó thríú tír éileamh a dhéanamh in aghaidh stáit ina ndearna sé infheistíocht. Is féidir dámhachtainí cúitimh airgid a theacht as réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát. Lena chois sin, tabhófar go cinnte costais maidir le riar na headrána in aon chás dá leithéid, chomh maith le costais a bhaineann le cás a chosaint.

(3) I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[2], ba cheart freagracht idirnáisiúnta maidir le cóir faoi réir réitigh díospóidí a bheith de réir roinnt na hinniúlachta idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit. Dá bharr sin, beidh an tAontas freagrach i bprionsabal as aon éilimh a chosaint ina líomhnaítear gur sáraíodh na rialacha atá ina gcuid de chomhaontú a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, cuireadh an tAontas féin nó an Ballstát an chóir sin.

(4) I gcás ina bhfuil freagracht idirnáisiúnta ar an Aontas as an gcóir a cuireadh, beifear ag súil, mar a éilítear sa dlí idirnáisiúnta, go n-íocfaidh an tAontas an dámhachtain neamhfhabhrach agus gurb airsean a bheidh costais aon díospóide. Os a choinne sin, d’fhéadfaí gur de thoradh na córach a chuir an tAontas féin nó na córach a chuir

[1] IO L 69, 09.03.1998, lch. 1.
[2] Tuairim 1/91 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1991] ECR-60709

Ballstát a thabharfaí dámhachtain neamhfhabhrach. Ba mhíchothrom an beart, dá bhrí sin, na dámhachtainí agus na costais eadrána a íoc as buiséad an Aontais i gcás inar chuir Ballstát an chóir. Is gá, mar sin, go leithdháiltear an fhreagracht airgeadais, mar a éilítear i ndlí an Aontais, gan dochar do fhreagracht idirnáisiúnta an Aontais, idir an tAontas agus an Ballstát atá freagrach as an gcóir a cuireadh ar bhonn na gcritéar atá curtha ar bun sa Rialachán seo.

(5) Ina rún maidir le Beartas Idirnáisiúnta Infheistíochta an AE amach anseo[3], d'éiligh Parlaimint na hEorpa go sainráite go gcruthófaí an mheicníocht dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar an ábhar sin ina Chonclúidí maidir le Beartas Cuimsitheach Infheistíochta Idirnáisiúnta an 25 Deireadh Fómhair 2010.

(6) Ba cheart freagracht airgeadais a shannadh ar an eintiteas atá freagrach as an gcóir a fuarthas nach raibh sí i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe. Is ionann sin agus a rá gur cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an Aontas i gcás ina gcuireann institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais an chóir lena mbaineann. Ba cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an mBallstát lena mbaineann i gcás ina gcuireann institiúid, Ballstát an chóir lena mbaineann. Os a choinne sin, má ghníomhaíonn Ballstát ar dhóigh a cheanglaítear le dlí an Aontais, má aistríonn sé treoir arna glacadh ag an Aontas, mar shampla, ba cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an Aontas a mhéid is a cheanglaítear an chóir lena mbaineann le dlí an Aontais. Ní mór don rialachán foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go mbainfeadh cás aonair le cóir a chuireann Ballstát agus le cóir a cheanglaítear le dlí an Aontais araon. Cumhdófar ann na gníomhaíochtaí uile a dhéanfaidh na Ballstáit agus an tAontas Eorpach.

(7) Ba cheart don Aontas, a bhfuil an Coimisiún ina ionadaí dó, gníomhú i gcónaí mar fhreagróir i gcás ina mbaineann díospóid maidir le cóir a chuir institiúidí, comhaltaí nó gníomhairí an Aontais amháin, sa dóigh is gur ar an Aontas a bheidh aon fhreagracht airgeadais is féidir a bheith ann i gcomhréir leis na critéir thuasluaite.

(8) Ar an taobh eile, i gcás ina mbeadh an fhreagracht airgeadais ionchasach a thagann as díospóid, ar Bhallstát, is iomchuí, mar gheall ar an bprionsabal, ligean don Bhallstát sin gníomhú mar fhreagróir chun an chóir a chuir sé ar an infheisteoir a chosaint. Foráiltear dó sin leis na socruithe atá leagtha síos sa Rialachán seo. Buntáiste mór atá leis seo, nach gcuirfí ualach ar bhuiséad an Aontais ná ar acmhainní an Aontais, go sealadach féin, de dheasca chostais na dlíthíochta nó aon dámhachtainí ab fhéidir a thabharfaí in aghaidh an Ballstáit lena mbaineann.

(9) Ina ainneoin sin, is féidir gurbh fhearr le Ballstát go ngníomhódh an tAontas, agus an Coimisiún ina ionadaí aige, mar fhreagróir sna díospóidí seo, ar chúiseanna a bhaineann le saineolas teicniúil, mar shampla. Ba cheart, mar sin, an rogha a bheith ag na Ballstáit diúltú gníomhú mar fhreagróir, gan dochar dá bhfreagracht airgeadais.

(10) I gcúinsí áirithe, tá sé fíor-riachtanach chun a áirithiú gur féidir leasa an Aontais a chosaint go hiomchuí, go ngníomhódh an tAontas féin ina fhreagróir i ndíospóidí a bhaineann le cóir a chuir Ballstát. Is féidir gurb amhlaidh a bheidh, go háirithe i gcás ina mbaineann díospóid le cóir a chuir an tAontas fosta, más cosúil go gceanglaítear le

---

[3] Mír 35 de Rún A7 0070/2011 an 22 Aibreán 2011.

dlí an Aontais an chóir a chuir Ballstát, agus más dócha gurbh fhéidir éilimh dá leithéidí a dhéanamh in aghaidh Ballstát eile nó má bhaineann an cás le saincheisteanna dlí gan réiteach arbh fhéidir go mbeadh tionchar ag a réiteach ar chásanna is féidir a bheith ann amach anseo in aghaidh Ballstát eile nó in aghaidh an Aontais. I gcás ina mbaineann cuid de dhíospóid le cóir a chuir an tAontas, nó a cheanglaítear le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas gníomhú mar fhreagróir, mura beag an tábhacht atá leis na héilimh a bhaineann leis an gcóir sin, agus an fhreagracht airgeadais ionchasach san áireamh chomh maith leis na saincheisteanna dlí a thagann chun tosaigh, i dtaca leis na héilimh a bhaineann leis an gcóir a chuir an Ballstát.

(11) Is gá foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ag an Aontas gníomhú mar fhreagróir sna cúinsí sin chun a áirithiú gur féidir leasa an Aontais, agus, dá bhrí sin, leasa comhchoiteanna na mBallstát a chur san áireamh. Cuirtear an gá sin in iúl i bprionsabal aontacht na hionadaíochta seachtraí agus i bprionsabal dhualgas an chomhoibrithe, atá curtha ar bun in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[4] atá infheidhme is cuma cad í an bhuninniúlacht.

(12) Is iomchuí go gcinnfidh an Coimisiún, laistigh den chreat atá leagtha amach sa rialachán seo, cé acu ar cheart don Aontas gníomhú mar fhreagróir nó ar cheart do Ballstát gníomhú mar fhreagróir.

(13) Is gá foráil a dhéanamh maidir le roinnt socruithe praiticiúla i dtaca le nósanna imeachta eadrána a leanúint i ndíospóidí a bhaineann le cóir a chuir Ballstát. Is cuma cé acu an ngníomhaíonn an tAontas nó Ballstát mar fhreagróir sna díospóidí sin, ba cheart na socruithe sin a dhíriú ar an ndíospóid a bhainistiú chomh maith agus is féidir agus ar phrionsabal aontacht na hionadaíochta seachtraí agus prionsabal dhualgas an chomhoibrithe, arna mbunú in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[5], a chomhlíonadh ag an am chéanna. I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir, ba cheart foráil a dhéanamh sna socruithe sin maidir le comhar an-dlúth lena n-áirítear fógra pras maidir le haon chéimeanna nós imeachta, doiciméid a chur ar fáil, comhairliúcháin rialta agus rannpháirteachas sa toscaireacht chuig an gcúirt.

(14) Mar an gcéanna, nuair a ghníomhaíonn Ballstát mar fhreagróir, is iomchuí go gcoinneodh sé an Coimisiún ar an eolas maidir le dul chun cinn an cháis agus go bhféadfadh an Coimisiún, más iomchuí, a cheangal go nglacfadh Ballstát a ghníomhaíonn mar fhreagróir seasamh sonrach maidir le hábhar a bhaineann le leas an Aontais.

(15) Féadfaidh Ballstát glacadh leis tráth ar bith go mbeadh an fhreagracht airgeadais air más rud é go bhfuil cúiteamh le híoc. Sa chás sin, féadfaidh an Ballstát agus an Coimisiún socruithe a dhéanamh le chéile maidir leis na costais a íoc go tréimhsiúil agus aon chúiteamh a íoc. Má ghlacann Ballstát na socruithe sin, ní hionann sin agus a rá go nglacann sé leis go bhfuil bunús maith ag an éileamh atá faoi dhíospóid. Ba cheart é bheith de chumhacht ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh a cheanglódh go

[4] Tuairim 1/94 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1994] ECR-5267 an Coimisiún v. an Chomhairle (FAO) [1996] **ECR I-1469**

[5] Tuairim 1/94 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh [1994] ECR-5267 an Coimisiún v. an Chomhairle (FAO) [1996] **ECR I-1469**

ndéanfaidh an Ballstát foráil maidir leis na costais sin. Más rud é go ndámhann an bhinse costais don Aontas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go n-aisíocfar aon réamhíocaíocht costas láithreach don Bhallstát lena mbaineann.

(16) I gcásanna áirithe, is féidir gur iomchuí teacht ar réiteach chun eadráin chostasach agus nach gá a sheachaint. Is gá nós imeachta a leagan síos maidir leis na socraíochtaí sin a dhéanamh. Ba cheart ligean don Choimisiún sa nós imeachta sin, agus é ag gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, cás a shocrú más le leas an Aontais é. Má bhaineann an cás le cóir a chuir Ballstát, is iomchuí go mbeadh dlúthchomhar agus comhairliúcháin idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát i gcónaí an cás a shocrú, ar choinníoll go nglacann sé freagracht airgeadais iomlán agus go bhfuil an tsocraíocht sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus ní le haimhleas an Aontais.

(17) Má tugadh dámhachtain in aghaidh an Aontais Eorpaigh, ba cheart an dámhachtain sin a íoc gan mhoill. Ba cheart don Choimisiún socruithe a dhéanamh maidir leis na dámhachtainí sin a íoc, murar ghlac Ballstát freagracht airgeadais cheana.

(18) Ba cheart don Choimisiún dlúthcomhairliúchán a dhéanamh leis an mBallstát lena mbaineann chun comhaontú a dhéanamh maidir le cionroinnt freagrachta airgeadais. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil Ballstát freagrach, agus mura nglacann an Ballstát leis an gcinneadh sin, ba cheart don Choimisiún an dámhachtain a íoc, ach ba cheart dó cinneadh a dhíriú ar an mBallstát, ag iarraidh air an tsuim lena mbaineann a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais Eorpaigh, maille leis an ús is infheidhme. Ba cheart gurbh ionann an t-ús atá le híoc agus an t-ús atá leagtha síos de bhun [Airteagal 71(4) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach mar atá leasaithe[6]][7]. Tá Airteagal 263 den Chonradh le fáil i gcás ina measann Ballstát nach mbaintear amach na critéir atá leagtha amach sa Rialachán seo leis an gcinneadh.

(19) Ba cheart do Bhuiséad an Aontais cumhdach a chur ar fáil maidir leis an gcaiteachas a leanfaidh comhaontuithe a cuireadh i gcrích de bhun Airteagal 218 den Chonradh lena bhforáiltear do shocrú díospóide idir infheisteoir agus stát. I gcás ina bhfuil freagracht airgeadais ar Bhallstáit de bhun an Rialacháin seo, ba cheart é bheith de chumhacht ag an gCoimisiún, ceachtar acu, ranníocaíochtaí an Bhallstáit lena mbaineann a charnadh sula gcuirfidh sé i bhfeidhm an caiteachas ábhartha, nó an caiteachas ábhartha a chur chun feidhme ar dtús agus aisíocaíocht a fháil ón mBallstát dá éis sin. Ba cheart gurbh fhéidir an dá mheicníocht córach buiséid sin a úsáid, de réir indéantachta, i dtaca leis an uainiú go háirithe . I gcás an dá mheicníocht, ba cheart glacadh leis na ranníocaíochtaí nó na haisíocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit mar chuid d'ioncam inmheánach atá curtha in áirithe i mbuiséad an Aontais. Na leithreasaí a thagann as an ioncam inmheánach curtha in áirithe sin, ní hamháin gur cheart dóibh cumhdach a dhéanamh ar an gcaiteachas ábhartha, ach ba cheart iad a bheith le fáil chun athshlánú a dhéanamh ar chodanna eile de bhuiséad an Aontais as ar tugadh na leithreasaí tosaigh chun an caiteachas ábhartha faoin dara meicníocht a chur chun feidhme.

---

6 IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

7 Tagairtí don Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais Eorpaigh (2010/395(COD)) le cur in ionad na dtagairtí seo ar ghlacadh an Rialacháin sin.

(20) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.

(21) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagail 12(1), (13)(4) agus le hAirteagal 14(3) a *fheidhmiú* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na meicníochtaí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[8].

(22) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun cinntí a ghlacadh maidir le réiteach díospóidí de bhun 14(3) ós rud é nach mbeidh ag na cinntí sin ar a mhéad ach tionchar sealadach ar bhuiséad an Aontais, ó bheidh sé de cheangal ar an mBallstát lena mbaineann aon fhreagracht airgeadais a ghlacadh a thiocfaidh as an díospóid, agus mar gheall ar na critéir mhionsonraithe atá leagtha síos sa rialachán maidir le hinghlacacht na réiteach sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

1. Tá an Rialachán seo infheidhme maidir le réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát a dhéantar de bhun comhaontaithe ar páirtí ann an tAontas agus a thionscain éilitheoir tríú tír.

2. Chun críocha faisnéise, foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus coinneoidh sé cothrom le dáta liosta de na comhaontuithe a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “comhaontú” aon chomhaontú idirnáisiúnta ar páirtí ann an tAontas agus ina bhforáiltear do réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát;

(b) ciallaíonn "costais a thagann as eadráin" táillí agus costais bhinse na headrána agus costais ionadaíochta agus cúiteamh costais a thug binse na headrána don éilitheoir;

[8] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(c) ciallaíonn "díospóid" éileamh a rinne éilitheoir in aghaidh an Aontais de bhun comhaontú agus ar a ndéanfaidh binse eadrána rialú;

(d) ciallaíonn "réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát" meicníocht dá bhforáiltear i gcomhaontú lena bhféadann éilitheoir éilimh a thionscnamh in aghaidh an Aontais;

(e) ciallaíonn "Ballstát" aon Bhallstát amháin den Aontas Eorpach nó níos mó;

(f) ciallaíonn "an Ballstát lena mbaineann" an Ballstát a chuir an chóir a líomhnaítear nach raibh i gcomhréir leis an gcomhaontú;

(g) ciallaíonn "freagracht airgeadais" oibleagáid suim airgid a íoc a thug binse eadrána nó a comhaontaíodh mar chuid de shocraíocht agus lena n-áirítear na costais a thagann as an eadráin sin;

(h) ciallaíonn "réiteach" aon chomhaontú idir an tAontas nó Ballstát, nó iad araon, de pháirt, agus an t-éilitheoir, de pháirt eile, ina dtoilíonn an t-éilitheoir gan leanúint dá éilimh mar mhalairt ar íoc suime airgid, lena n–áirithítear an cás ina dtaifeadtar an réiteach i ndámhachtain binse eadrána;

(i) ciallaíonn "binse eadrána" aon duine nó aon chomhlacht arna ainmniú faoi chomhaontú chun rialú a thabhairt ar dhíospóid idir infheisteoir agus stát;

(j) ciallaíonn "éilitheoir" aon duine, bíodh sé nádúrtha nó dlíthiúil, a fhéadann éileamh a thabhairt chuig réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát de bhun comhaontú nó aon duine, bíodh sé nádúrtha nó dlíthiúil, dár sannadh éilimh an éilitheora go dleathach.

## CAIBIDIL II

## Freagracht airgeadais a chionroinnt

### *Airteagal 3*

### Critéir chionroinnte

1. Déanfar an fhreagracht airgeadais a thagann as díospóid faoi chomhaontú a chionroinnt de réir na gcritéar seo a leanas:

   (a) is ar an Aontas a bheidh an fhreagracht airgeadais a thagann as cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais;

   (b) is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh an fhreagracht airgeadais a thagann as cóir a chuir an Ballstát sin, ach amháin i gcás inar ceanglaíodh an chóir sin le dlí an Aontais.

   D’ainneoin pointe (b) den chéad fhomhír, i gcás ina bhfuil sé ceangailte ar an mBallstát lena mbaineann gníomhú de bhun dhlí an Aontais chun neamhréireacht réamhghnímh le dlí an Aontais a leigheas, is ar an mBallstát sin a bheidh an fhreagracht airgeadais murar cheangail dlí an Aontais an réamhghníomh sin.

2. I gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena gcinntear freagracht airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos i mír 1.

3. D’ainneoin mhír 1, is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh an fhreagracht airgeadais sna cásanna seo a leanas:

(a) má ghlac an Ballstát lena mbaineann freagracht airgeadais ionchasach de bhun Airteagal 11;

(b) má ghníomhaíonn an Ballstát lena mbaineann mar fhreagróir de bhun Airteagal 8 nó,

(c) má thoilíonn an Ballstát lena mbaineann le réiteach de bhun Airteagal 12.

## CAIBIDIL III

## Díospóidí a stiúradh

### Roinn 1

### Díospóidí a stiúradh a bhaineann le cóir a chuir an tAontas

*Airteagal 4*

*Cóir a chuir an tAontas*

Gníomhóidh an tAontas mar fhreagróir i gcás ina mbaineann an díospóid le cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais.

### Roinn 2

### Stiúradh díospóidí a bhaineann le cóir a chuir an tAontas

*Airteagal 5*

*Cóir a chuir Ballstát*

Beidh forálacha na Ranna seo infheidhme maidir le díospóidí a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cóir a chuir an Ballstát.

*Airteagal 6*

*Comhairliúcháin*

1. A luaithe a gheobhaidh an Coimisiún iarraidh ar chomhairliúcháin ó éilitheoir i gcomhréir le forálacha comhaontaithe, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann. Ballstát a cuireadh ar an eolas faoi iarraidh nó a fuair iarraidh ar chomhairliúcháin, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don Choimisiún.

2. Beidh ionadaithe ón mBallstát lena mbaineann ina gcuid de thoscaireacht an Aontais chuig na comhairliúcháin.

3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis go léir is féidir atá ábhartha maidir leis an gcás a chur ar fáil don Choimisiún láithreach.

*Airteagal 7*

*Imeachtaí eadrána a thionscnamh*

*A luaithe a gheobhaidh an Coimisiún fógra lena sonraíonn éilitheoir go bhfuil rún aige imeachtaí eadrána a thionscnamh, i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe, cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann.*

*Ballstát a fhaigheann fógra lena sonraíonn éilitheoir go bhfuil rún aige imeachtaí eadrána a thionscnamh, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don Choimisiún.*

*Airteagal 8*

*Stádas freagróra*

1. Fad is a fhoráiltear don rogha sin sa chomhaontú, gníomhóidh an Ballstát lena mbaineann mar fhreagróir ach amháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) má rinne an Coimisiún cinneadh de bhun mhír 2; nó,

   (b) murar dhearbhaigh an Ballstát lena mbaineann don Choimisiún i scríbhinn go raibh rún aige gníomhú mar fhreagróir faoi cheann 30 lá ó fuair sé an fógra dá dtagraítear in Airteagal 7.

   Más ann do cheachtar den dá chás dá dtagraítear in (a) nó (b), gníomhóidh an tAontas mar fhreagróir.

2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, faoi cheann 30 lá ó fuair sé an fógra dá dtagraítear in Airteagal 7, go ngníomhóidh an tAontas mar fhreagróir sna cásanna seo a leanas:

   (a) más dócha gur ar an Aontas a bheadh cuid, ar a laghad, den fhreagracht airgeadais ionchasach a thagann as an díospóid i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos in Airteagal 3;

   (b) má bhaineann an díospóid le cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais;

   (c) más dócha go ndéanfar éilimh dá leithéidí faoin gcomhaontú céanna maidir le cóir a chuir Ballstáit eile agus más é an Coimisiún is fearr a d'áiritheodh cosaint éifeachtach agus comhsheasmhach; nó,

   (d) má chuireann an díospóid chun cinn saincheisteanna dlí gan réiteach a d'fhéadfaí a thiocfadh chun cinn i ndíospóidí eile faoin gcomhaontú céanna nó

faoi chomhaontuithe eile a bhaineann le cóir a chuir an tAontas nó Ballstáit eile.

3. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle le chéile maidir le bainistiú an cháis de bhun an Airteagail seo go díreach i ndiaidh dóibh an fógra a fháil dá dtagraítear in Airteagal 7. Áiritheoidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann go mbainfear amach aon sprioc-amanna atá leagtha síos sa chomhaontú.

4. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit eile agus do Pharlaimint na hEorpa má tá aon díospóid ann ina gcuirtear an tAirteagal seo i bhfeidhm agus an dóigh ar cuireadh i bhfeidhm é.

*Airteagal 9*

*Ballstát imeachtaí eadrána a stiúradh*

1. I gcás ina ngníomhaíonn Ballstát mar fhreagróir, déanfaidh an Ballstát sin

(a) na doiciméid go léir a bhaineann leis na himeachtaí a chur ar fáil don Choimisiún;

(b) na céimeanna nós imeachta móra go léir a chur in iúl don Choimisiún, agus dul i gcomhairle go minic agus, ar aon chor, nuair a iarrfaidh an Coimisiún a leithéid air; agus,

(c) ligean d'ionadaithe an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó, bheith mar chuid den toscaireacht a bheidh ag ionadaíocht don Bhallstát.

2. Féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, a éileamh ar an mBallstát lena mbaineann seasamh áirithe a ghlacadh maidir le haon phointe dlí a thagann chun tosaigh sa díospóid nó aon eilimint eile a bhaineann le leas an Aontais.

3. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú, nó sna rialacha dá dtagraítear ann, don deis pointe dlí atá mar chuid den dámhachtain eadrána a neamhniú, a achomharc nó a athbhreithniú, féadfaidh an Coimisiún, i gcás ina measann sé go bhfuil bunús leis i gcomhsheasmhacht agus beaichte an léirmhínithe, a cheangal ar an mBallstát go gcuirfidh sé iarratas isteach go ndéanfaí an neamhniú sin, an t-achomharc sin nó an t-athbhreithniú sin. Sna cásanna sin, beidh ionadaithe an Choimisiúin ina gcuid den toscaireacht agus féadfaidh siad tuairimí an Aontais a chuir in iúl maidir leis an bpointe dlí lena mbaineann.

*Airteagal 10*

*An tAontas imeachtaí eadrána a stiúradh*

Beidh na forálacha seo a leanas infheidhme i rith na n-imeachtaí eadrána i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir de bhun Airteagal 8:

(a) déanfaidh an Coimisiún na bearta go léir is gá chun an chóir lena mbaineann a chosaint;

(b) tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an cúnamh go léir is gá don Choimisiún;

(c) cuirfidh an Coimisiún na doiciméid go léir a bhaineann leis na himeachtaí ar fáil don Bhallstát, chun a áirithiú go mbeidh an chosaint chomh héifeachtach agus is féidir; agus,

(d) ullmhóidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann an chosaint i ndlúthchomhar le hionadaithe an Bhallstáit lena mbaineann, agus beidh an Ballstát sin i dteideal bheith ina chuid de thoscaireacht an Aontais sna himeachtaí.

*Airteagal 11*

*An Ballstát ann fhreagracht airgeadais ionchasach a ghlacadh i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir*

I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir de bhun Airteagal 8, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, aon fhreagracht airgeadais ionchasach a ghlacadh a thagann as an eadráin. Chun na críche sin féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún socruithe a dhéanamh maidir le, *inter alia*;

(a) meicníochtaí le haghaidh íocaíocht thréimhsiúil costas a thagann as an eadráin;

(b) meicníochtaí le haghaidh íocaíocht aon dámhachtainí a tugadh in aghaidh an Aontais.

**CAIBIDIL IV**

**Réitigh**

*Airteagal 12*

*Díospóidí a bhaineann le cóir a chuir an tAontas a réiteach*

1. Má mheasann an Coimisiún gur le leas an Aontais díospóid a réiteach a bhaineann le cóir a chuir an tAontas go heisiach, féadann sé cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(3) chun an réiteach a fhormheas.

2. Más féidir go mbeadh gníomhaíocht ag baint le réiteach seachas íocaíocht suime airgid, beidh na nósanna imeachta ábhartha infheidhme maidir leis an ngníomhaíocht sin.

*Airteagal 13*

*Díospóidí a bhaineann le cóir a chuir Ballstát a réiteach*

1. I gcás ina bhfuil an tAontas ina fhreagróir i ndíospóid a bhaineann le cóir a chuir, Ballstát, go hiomlán nó go páirteach, agus ina measann an Coimisiún gur le leas an

Aontais an díospóid a réiteach, rachaidh sé i gcomhairle ar dtús leis an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Ballstát fosta na comhairliúcháin sin a thionscnamh leis an gCoimisiún.

2. Má thoilíonn an Ballstát lena mbaineann an díospóid a réiteach, déanfaidh sé a dhícheall socrú a dhéanamh leis an gCoimisiún ina leagfar amach na heilimintí is gá don idirbheartaíocht agus do chur chun feidhme na socraíochta.

3. I gcás nach dtoilíonn an Ballstát an díospóid a réiteach, féadfaidh an Coimisiún an díospóid a réiteach má éilíonn leasa sáraitheacha an Aontais é.

4. Formheasfar téarmaí an réitigh a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(3).

*Airteagal 14*

*Ballstát réiteach a dhéanamh*

1. I gcás ina bhfuil an tAontas ina fhreagróir i ndíospóid a bhaineann go heisiach le cóir a chuir Ballstát, féadfaidh an Ballstát díospóid a réiteach sna cásanna seo a leanas:

(a) má ghlacann an Ballstát lena mbaineann aon fhreagracht airgeadais a thagann as an réiteach;

(b) más ar an mBallstát lena mbaineann amháin atá aon socrú réitigh infhorfheidhmithe;

(c) má tá téarmaí an réitigh ag luí le dlí an Aontais; agus,

(d) mura bhfuil aon leas sáraitheach de chuid an Aontais in aghaidh an réitigh.

2. Féadfaidh an Coimisiún agus an Ballstát dul i gcomhairle le chéile chun an rún atá ag Ballstát díospóid a réiteach a mheas.

3. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an dréacht-shocrú réitigh. Measfar gur ghlac an Coimisiún leis an socrú réitigh mura gcinnfidh sé ar a mhalairt, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus faoi cheann 90 lá tar éis an Ballstát fógra a thabhairt maidir leis an dréacht-shocrú réitigh, ar bhonn nach gcomhlíonann an socrú na coinníollacha go léir atá leagtha amach i mír 1.

**CAIBIDIL V**

**Na dámhachtainí deiridh agus na socraíochtaí a íoc**

*Airteagal 15*

*Raon feidhme*

Beidh forálacha na caibidle seo infheidhme i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir i ndíospóid.

*Airteagal 16*

*Nós imeachta maidir leis na dámhachtainí deiridh agus na socraíochtaí a íoc*

1. Tar éis dó dámhachtain deiridh a fháil de bhun comhaontú, féadfaidh éilitheoir iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiún ar íocaíocht na dámhachtana sin. Íocfaidh an Coimisiún aon dámhachtain den chineál sin laistigh de na tréimhsí ama ábhartha atá leagtha síos sa chomhaontú, ach amháin i gcás inar ghlac an Ballstát lena mbaineann freagracht airgeadais de bhun Airteagal 11, agus sa chás sin íocfaidh an Ballstát an dámhachtain.

2. I gcás nach bhfuil taifead ar shocraíocht a d'fhormheas an tAontas de bhun Airteagal 12 agus Airteagal 13 i ndámhachtain, féadfaidh éilitheoir iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar íocaíocht na socraíochta. Íocfaidh an Coimisiún aon tsocraíochtdá leithéid laistigh d'aon tréimhsí ama ábhartha atá leagtha síos sa chomhaontú.

*Airteagal 17*

*Nós imeachta i gcás nach bhfuil aon chomhaontú ann maidir le freagracht airgeadais*

1. I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar fhreagróir de bhun Airteagal 8, agus ina measann an Coimisiún gur cheart don Bhallstát an dámhachtain nó an tsocraíocht a íoc, go páirteach nó go hiomlán, ar bhonn na gcritéar atá leagtha síos in Airteagal 3(1), beidh an nós imeachta atá leagtha amach i míreanna 2 go 5 infheidhme.

2. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle láithreach chun comhaontú a lorg maidir le freagracht airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann, agus freagracht airgeadais an Aontais, más infheidhme.

3. Faoi cheann trí mhí ó fuarthas an iarraidh ar íocaíocht na dámhachtana deiridh nó na socraíochta, glacfaidh an Coimisiún cinneadh a bheidh dírithe ar an mBallstát lena mbaineann, lena gcinnfear an tsuim a bheidh le híoc ag an mBallstát sin.

4. Mura ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann agóid in aghaidh chinneadh an Choimisiúin faoi cheann aon mhíosa amháin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann buiséad an Aontais a chúiteamh as íocaíocht na dámhachtana nó na socraíochta tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis chinneadh an Choimisiúin. Beidh an Ballstát lena mbaineann faoi dhliteanas maidir le haon ús a bheidh dlite ag an ráta is infheidhme ar aon airgead eile a dhlitear do bhuiséad an Aontais.

5. Má dhéanann an Ballstát lena mbaineann agóid, mura n-aontóidh an Coimisiún le hagóid an Bhallstáit, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi cheann trí mhí ó fuair sé agóid an Bhallstáit, lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann go n-aisíocfaidh sé an tsuim a d'íoc an Coimisiún, maille leis an ús ar an ráta is infheidhme ar airgead eile a dhlitear do bhuiséad an Aontais.

*Airteagal 18*

*Réamhíocaíocht na gcostas eadrána*

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar an mBallstát lena mbaineann ranníocaíochtaí airgid a chur isteach i mbuiséad an Aontais maidir le haon chostais a thagann as an eadráin i gcás ina measann sé go mbeidh an Ballstát faoi dhliteanas aon dámhachtain a íoc de bhun na gcritéar atá leagtha síos in Airteagal 3.

2. Sa mhéid go dtugann an bhinse eadrána na costais a thagann as an eadráin don Aontas, agus go ndearna an Ballstát lena mbaineann na costais a tháinig as an eadráin a íoc go tréimhsiúil, áiritheoidh an Coimisiún go n-aistreofar iad chuig an mBallstát a d'íoc iad roimh ré.

*Airteagal 19*

*Ballstát íocaíocht a dhéanamh*

Aisíocaíocht Ballstáit nó a íocaíocht le buiséad an Aontais, maidir le híocaíocht dámhachtana nó socraíochta nó aon chostais, glacfar leis mar ioncam inmheánach curtha in áirithe de réir bhrí [Airteagal 18 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[9]]. Féadfar é a úsáid chun caiteachas a chumhdach a thagann as comhaontuithe a cuireadh i gcrích de bhun Airteagal 218 den Chonradh lena bhforáiltear do réiteach díospóide idir infheisteoir agus stát nó chun na leithreasaí a athshlánú a cuireadh ar fáil ar dtús chun íocaíocht dámhachtana nó socraíochta nó aon chostas a chumhdach.

## CAIBIDIL VI

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 20*

1. Beidh [an Coiste maidir le Comhaontuithe Infheistíochta arna bhunú le Rialachán [2010/197 COD]] de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

9 Tagairtí don Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais Eorpaigh (2010/395(COD)) le cur in ionad na dtagairtí seo ar ghlacadh an Rialacháin sin.

*Airteagal 21*

*Tuairisc agus Athbhreithniú*

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar oibriú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthrialta. Cuirfear an chéad tuarascáil faoina mbráid tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm. Cuirfear tuarascálacha eile isteach gach trí bliana dá éis sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún fosta togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú maille leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 agus atá bunaithe ar thorthaí taighde an Choimisiúin.

*Airteagal 22*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |